Crith Talún i Háití

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin tubaiste a tharla i Háití an tseachtain seo caite. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas.

Cén tír a rinne coilíneacht ar Háití?
Cén t-ainm atá ar an Oileán ar a bhfuil Háití lonnaithe?
Cén chathair atá buailte go dona ag an gcrith talún?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na téarmaí Gaeilge a mheaitseáil leis na téarmaí Béarla thíos.

1. The United Nations	a. Éigeandáil
2. Missing	b. Maoiniú
3. Expertise	c. Na Náisiúin Aontaithe
4. Telecommunications	d. Fondúireacht
5. Funding	e. Saineolas
6. Certified	f. Seasmhach
7. Department of Foreign Affairs	g. Dhearbhaigh
8. Constant	h. Teileachumarsáid
9. Emergency	i. Ar Iarraidh
10. Foundation	j. An Roinn Gnóthaí Eachtracha

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 3
1) Cad a dhearbhaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha tráthnóna?
2) Cé atá ag teacht le chéile chun tacaíocht a chur ar fáil don tír?
3) Cad as a d'eascair fondúireacht Háití 'Soul of Life'.
4) Déan achoimre ar an méid a bhí le rá ag Pádraig Ó Céidigh.
5) Cé hé Denis O' Brien agus cad atá geallta aige.
6) Cén t-ionchur atá ag pobal na hÉireann i dtragóid Háití?
7) Cár chaith Andrew Greene a chuid ama?
8) Cad a insítear dúinn faoi fhoireann na Náisiún Aontaithe?

Ceist 4 **sular** bhuail crith talún

An bhfuil a fhios agat, cathain a úsáidtear, sular, sula nó roimh?
Bain triail as na samplaí seo thíos

1) Bhí eagla ar an gcailín _____ mhadraí
2) Bhí ocras orm _____ith mé mo bhricfeasta.
3) Bíonn deis agam mo scíth a ligean _____bhfágaim an teach ar maidin.
4) Rinneamar traenáil _____raibh an bainisteoir ann.
5) Chuir mé mo chuid airgid sa bhanc _____chaill mé é.
6) Chuaigh mise chuig an dioscó _____Sheán.
7) Bhí Sean ag an dioscó _____ chríochnaigh sé.
8) Bhí Máire ag an dioscó _____raibh Seán ann.

Ceist 5 nach **bhfuil tásc ná tuairisc** orthu.

An féidir é seo a rá ar bhealach eile?

Anois déan iarracht cúpla abairt a chur le chéile le cur in iúl do dhuine nach bhfaca tú le fada é.

Ceist 6 **Díospóireacht Ranga.**

Déan amach pointí eolais i bhfabhar no i gcoinne an rúin seo:

“Ba cheart do Rialtas na hÉireann a gcuid airgid a chaitheamh sa tír seo seachas cabhrú le muintir Háití”

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Rinne an Fhrainc coilíneacht ar Háití.
Tá Háití ar Oileán Hispaniola
Tá Port-au-Prince buailte go dona ag an gcrith talún.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	i	e	h	b	g	j	f	a	d

Ceist 3

1. Dhearbhaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha go bhfuil an tÉireannach, Andrew Greene fós ar iarraidh.
2. Tá go leor daoine ón tír seo a chaith tamaill ag obair i Háití ag teacht le chéile chun tacaíocht a chur ar fáil don tír.
3. D'eascair fondúireacht Soul of Haiti ó chlár fiontraí Ernst &Young.
4. Tír an-saibhir agus álainn í le daoine álainn ach níl ceannaireacht cheart ann. Níl struchtúr polaitíochta ceart ann agus d'eascair fadhbanna as sin. Fágadh leo féin iad freisin.
5. Úinéir chomhlacht teileachumarsáide sna tíortha Cairibeacha é agus tá €3.5 geallta aige.
6. Tá tuairim is milliún euro tugtha ag pobal na hÉireann chomh maith le dhá mhilliún geallta ag an Rialtas. Chomh maith leis seo, tá ochtó cúig tonna d'ábhar cabhrach éigeandála curtha ar fáil againn.
7. Rugadh Andrew Greene i Chicago agus chaith sé a chuid ama idir na Stáit Aontaithe agus Béal Tairbirt i gContae an Chabháin.
8. Tá ceathracha dá gcuid foirne marbh agus céad ochtó is a hocht duine nach bhfuil tásc ná tuairisc orthu.

Ceist 4 Úsáidtear *sula* agus *sular* roimh bhriathra.
Úsáidtear *roimh* roimh ainmfhocail
Is *sular* a úsáidtear le briathra rialta san aimsir chaite agus leis na briathra neamhrialta seo: Beir, Clois, Ith, Tabhair, Tar.
Leanann séimhiú *sular* agus *roimh* de ghnáth.
Leanann urú *sula* de ghnáth

1) Bhí eagla ar an gcailín **roimh** mhadraí
2) Bhí ocras orm **sular** ith mé mo bhricfeasta.
3) Bíonn deis agam mo scíth a ligean **sula** bhfágaim an teach ar maidin.
4) Rinneamar traenáil **sula** raibh an bainisteoir ann.
5) Chuir mé mo chuid airgid sa bhanc **sular** chaill mé é.
6) Chuaigh mise chuig an dioscó **roimh** Sheán.
7) Bhí Sean ag an dioscó **sular** chríochnaigh sé.
8) Bhí Máire ag an dioscó **sula** raibh Seán ann.

Ceist 5 **Níl Dé ná deatach orthu**

Is fada ó chonaic mé thú.
Tá tú imithe ó aithne orainn.
Ní fhaca mé tú leis na cianta cairbreacha.
Ní fhaca mé tú le haois gadhair.
Ní fhaca mé tú le stáir

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am.

Eimear Ní Chonaola
Dhearbhaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha tráthnóna go bhfuil Éireannach, Andrew Greene, a bhí ag obair le Ceannasaí na Náisiún Aontaithe i Háití, fós ar iarraidh. I gContae an Chabháin agus i Chicago a tógadh é, is bhí pas aige ón dá thír. Idir an dá linn tá roinnt daoine as an tír seo a chaith tamaill ag obair i Háití sular tharla an crith talún ag teacht le chéile le tacaíocht a chur ar fáil don tír. Tá tuairisc ag Máire Treasa Ní Cheallaigh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Fiú sular bhuail crith talún Háití an tseachtain seo caite, bhí sé ar cheann de na tíortha ba bhoichte ar domhan. D'eascair fondúireacht darb ainm 'Soul of Haiti' ó chlár fiontraí Ernst & Young, agus baineadh úsáid as saineolas fiontraíoch chun cuidiú le pobail i Háití ar bhealaí praiticiúla agus seasmhacha[1]
Bhí an fiontraí agus úinéir Aer Árann, Pádraig Ó Céide, i measc na ndaoine a thaistil go Háití agus craoladh clár teilifíse darb ainm 'An Céideach in Háití' ar TG4, faoin obair a bhí ar bun ann.

Pádraig Ó Céidigh
Tír an-saibhir í Háití. Tá an t-uafás saibhris inti[2] agus is tír álainn í, agus tá daoine álainn ann ach ní raibh aon cheannaireacht cheart[3] ann. Ní raibh aon struchtúr polaitíochta ceart ann agus bhí fadhbanna acu mar gheall air sin agus i ndáiríre, d'fhág an domhan mór[4] ansin leo féin iad. Tá comhlacht teileachumarsáide sna tíortha Cairibeacha ag Denis O' Brien darb ainm Digicell agus tá tuairim is dhá mhilliún custaiméir acu i Háití amháin, agus tá Dennis ann faoi láthair. Tá maoiniú 3.5 milliún euro geallta aige chun cuidiú leo déileáil leis an gcrith talún tubaisteach. Ar ball chas sé le hIar-Uachtarán[5] Mheiriceá Bill Clinton a bhí ag tabhairt a chéad cuairte[6] ar Háití ó tharla an crith talún.
Go dtí seo tá tuairim is milliún euro tugtha ag pobal na hÉireann chun cabhrú le muintir Háití. Tá dhá mhilliún geallta ag rialtas na hÉireann chomh maith le 85 tonna d'ábhar cabhrach éigeandála. Tá fear de bhunadh na tíre seo darb ainm Andrew Greene ar iarraidh i bpríomhchathair Háití, Port Au-Prince. Bhí sé ag obair leis na Náisiúin Aontaithe ann nuair a bhuail an crith talún. Rugadh i Chicago é agus chaith sé a chuid ama idir na Stáit Aontaithe agus Béal Tairbirt i gContae an Chabháin. Tá sé deimhnithe ag na Náisiúin Aontaithe go bhfuil ceathracha dá gcuid foirne marbh agus go bhfuil 188 duine nach bhfuil tásc ná tuairisc orthu.
Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

---

[1] Ar bhealaí praiticiúil agus seasmhach deirtear
[2] ann a deirtear
[3] Fágtar an séimhiú ar lár
[4] an domhan mhór a deirtear
[5] ní chloistear an 'h'
[6] cuairt a deirtear

VIFAX 19 Eanáir 2010
Ardleibhéal